

FAOI CHAIBIDIL

Foilseofar an forlónadh ealaíon seo ar nuachtáin

Ghrúpa Meán Bhéal Feirste,

Andersonstown News, North Belfast News agus South Belfast News, chomh maith le www.nuacht.com



Forlónadh ealaíon in eagar ag Ciarán Ó Pronntaigh

Teagmháil: leabhar@nuacht.com

Bás na Máthar

(léigh Cuid I ar leabhar@nuacht.com)

Cuid a Dó

Gearrscéal

le Pádraig Mac Diarmada

Ag rith suas an gairdín, d'fhéach sé thar a ghualainn agus chonaic sé an fhearg ina aghaidh, na céimeanna liopasta thar na hiomairí ag iarraidh gan siúl ar na gais óga, ach é cinnte go leanfadh sé é.

Ba ghreannmhar é. Ag léim thar an bhiabhóg baineadh tuiseal agus thit sé, ag titim ar a ghlúine i gceapach na leitise.

Theastaigh uaidh scairteadh amach ag gáire ach bhí a fhios aige go méadódh sé sin an choir a shíl a athair a rinne sé.

Tháinig a athair ar aghaidh, a mhuineál á shá amach aige agus fraoch feirge le feiceáil go soiléir ina aghaidh.

Ba chosúil le coileach ábhlmhór é. Agus ba eisean an chearc. Bhí sé éasca go leor dó éalú ach bheadh air aghaidh a thabhairt don cheol nuair a thiofadh sé abhaile san oíche.

Pé scéal é, cén fáth a mbuailfí é? Bhí sé seacht mbliana déag. Cén fáth a mbeadh eagla air?

Dhiúg fearg fuinneamh a ghéag uaidh. Mhóthaigh sé a aghaidh ag éirí bán. Ligeadh dó teacht. Ní rithfeadh sé níos mó.

Ag an scean prihbéid a scar an gairdín ón fhaiche stop sé go tobann. Ag deireadh na ceapaí oinniún bhí gabhlóg sáite sa talamh. Chonaic a athair é ag féachaint air.

Ag ligean uail chaointe as, bhí se sa mhullach air, greim timpeall an mhuinil air, á thachtadh.

Ya pup, ya. Stick the grape in me would ye? You deliberately wouldn't come when I was calling you. Who the hell do you think you are? Hah? Hah?

Bhí lámha móra a athair timpeall a mhuinil leochailigh. Ba dhá phráta lofa iad a dhá shúil faoi imeall a hata.

Bhí díoscán á bhaint as a fhiacra aige agus bhí a éadan as cuma le fearg. Chuimhnigh sé ar scéal a d'inis a athair dó faoi throid ag cluiche peile. *His tongue was hanging out and him gagging to perdition.*

Sháigh sé a theanga amach chomh fada agus ab fhéidir leis ag stíl go gcuirfeadh sé stop lena athair. Mhaolaigh an greim ar a scornach.

Ya whelp, ya. Deliberately trying to taunt me.

Chuala sé scréacha a máthar. Á bhféachaint aici ón chistin, tháinig sí ag rith, sceon ina súile, chun iad a scaradh óna chéile.

"Stop. Stop. An dteastaíonn uait an páiste a mharú?"

Child my arse.

"Is é an chríoch a bheidh air ná go gciontófar thú de mhurdar agus críochnóidh tú do laethanta deiridh i bpríosún."

"Má bhí ciall agam ba i Meiriceá a bheinn blianta ó shin."

A scornach á folmhú aige, chaith sé seile isteach sa scean prihbéid, a aghaidh lán d'fhearg agus féindrochmheas.

"Bhuel, imigh leat go Meiricea in ainm Dé. Níl duine ar bith ag cur stop leat."

"Tá se rómhall anois, a bhean, agus go maith atá a fhios agat."

D'fhéach a athair ar an timpeallacht sceirdiúil agus ar an spéir a bhí lán de bhrionglóidí marbha.

Mar fhear óg bhí sé réidh le dul go Meiriceá le deirfiúr a bhí sa

bhaile ar a laethanta saoire ach d'fhan sí sa bhaile agus phós sí feirmeoir áitiúil.

Nuair a lig a athair saor é, d'imigh sé leis agus na cosa ag imeacht uaidh, a mhuineál á chuimilt aige, ionann is gur gortaíodh go dona é.

Fuair sé spléachadh ar aghaidh a máthar. Bhí sruth fola le feiceáil ón smig go dtí an clár éadain. Bhí a súile fiáin agus caointeach.

Bhí na slinneáin sleabhtha aici. Thit ribe gruaige trasna a sróine. Bhí caint a athair faoi dhul go Meiriceá níba ghoilliúnaí dó ná buille doirín.

Dá rachadh sé ann ní phósadh sé an duine a phós agus ní bheadh sé féin ann.

Fuair sé greim ar an ngabhlog, a fhios aige nach ligfeadh a máthair dó í a úsáid.

Nuair a d'iompaigh sé bhí sí ar crochadh óna léine agus é ag féachaint anuas uirthi go feargach, a lámha ardaithe suas aige san aer ag éirí gan aon teagmháil a bheith aige léi.

Ach d'athraigh sé sin go tapaidh nuair a shleamhaigh sí síos a chorp go mall, a méara ró-lag chun greim a choimeád níos faide.

Throid sí go fíochmhar ar feadh cúpla soicind chun í féin a choimeád díreach ach lúb a glúine agus thit sí ina carn sa cheapach oinniún, a ceann ar crochadh thar an iomaire.

D'fhéach sé féin agus a athair ar a chéile go faiteach. Ansin bhí a athair ar a ghlúine in aice léi, a ceann ina lámha aige, neamhurchóideacht agus pian measctha ina aghaidh.

Quick. Doctor.

Thug sé faoi ndeara nach raibh ach bróg amháin uirthi.

Níos luaithe nuair a bhí sí ag bácáil chaith sí uathí a bróga faoin mbord chun faoiseamh a thabhairt dá cosa ata.

Nuair a theastaigh siad uathí arís ba ghnách léi an scuab a úsáid chun iad a thabhairt amach ón mbord.

De bharr a brú fola níor theastaigh uathí cromadh síos. Nuair a chuala sí iad ag troid ní raibh an t-am aici an dara bróg a chur uirthi.

Ní raibh aon fhón acu. Bhí air rith go dtí teach na gcomharsan a bhí in aice leo.

The doctor. The doctor. Mammy's fainted or something. Ring quick, please.

Nuair a tháinig sé ar ais bhí a athair tar éis í a iompar isteach

sa teach

Nuair a chuaigh sé isteach sa seomra bhí sí ina lú ar an leaba, a athair ar a ghlúine ar an urlár, a ceann ina lámha agus a clár éadain á chuimilt aige.

Bhí a bhuaitisí móra clúdaithe le cré agus bhí píosaí tar éis titim ar an urlár.

Don't tell anyone there was a row.

No.

Rinne ciontacht agus sceon cláiríneach de. Bhí a chroí imithe ar mire ag preabarnach.

Mhóthaigh sé mothúcháin fhuara ina anam. Bhí a fhios aige dá bhfaigheadh a máthair bás go mbeadh air bás a fháil é féin

Bhí cuma an bháis ar a haghaidh. Bhí a súile dúnta. B'ionadh leis, an raibh an bás ag leagan codladh síoraí orthu?

Ar a liopa uachtarach shoilsigh síucra ar ribe gruaige trasna a béil. Bhí an bheadaíocht inti ach bhí a teanga níos milse.

D'fhéach sé ar a cosa ata. Mallaithe le féitheacha borrrtha, bhí urthi stráicí lorga a chur orthu gach maidin.

Fuair a máthair bás le téachtán fola don inchinn. Ba bhás é a raibh eagla uirthi faoi. *The old blood pressure's at me today. Say a prayer.*

Os cionn a leapa bhí pictiúr d'Íosa agus coróin spíne ar a cheann.

Gach am a chuaigh sé isteach sa seomra ba é an chéad rud a rinne sé ná féachaint anuas air. Shábháil fuil an domhan – fuil Chríost ar an chros. Agus lean mná ar aghaidh á shábháil le fuil broinne.

Chuir pian ag caoineadh é. Thosaigh na deora ag síleadh síos a aghaidh. Chodail sé léi mar bhuaichail óg agus shúigh sé isteach a teas. Chaithfeadh sé é féin anuas uirthi murach go raibh a athair ina bhealach.

D'inis a máthair dó go bhfuair a deirfiúr, Deirdre, bás ina hóige. Ar leaba a báis gheall sí di go dtiocfadh sí ar ais chun cabhrú léi nuair a thiofadh a seal le himeacht.

Go síneadh sí a lámh síos ó neamh agus go bhfaigheadh sí cór aingil le ceol di agus go rachadh sí go díreach don Slánaitheoir gan aon phian.

Mhóthaigh sé é féin ag amharc thart timpeall air féachaint an raibh aon rud neamhúil ag corraí. Amuigh ar an chnocán shiúil bó ar féarach trasna na fuinneoige.

Say an Act of Contrition in her ear.

Bhí a chorp ar crith. Thosaigh se ag caoineadh gan staonadh. Bhí greim níos daingne ar a scornach ag mothúchán ná a bhí ag méara a athair.

That's enough of that. We don't want that carry on. She's not dead yet.

Chrom sé thar a máthair a dheora ag titim isteach ina cluas. *O my God I'm heartily sorry for having offended thee . . .* Ní dhearna a máthair aon dochar riamh do dhuine ar bith. *O my God . . .*

Bhí a súile dúnta ach bhí na mogaill ag preabarnach. Bhí lámh amháin ina suí ar a bolg. Ar a cúl bhí plúr tirim. Idir na méara shoilsigh taos go fóill.

Ní raibh sé in ann na focail a rá amach. Ní focail ar son duine ag fáil bháis. Thit sé uirthi, á greamú, ag scréachail.

Mammy. Mammy. Don't die please. Please Mammy, don't die, please.

Tharraing a athair suas di agus chuir sé ina shuí ar chathaoir é.

Don't make an ass of yourself. If you can't help, don't be a hindrance.

Chuaigh a athair ar buile le tairní meirgeacha a lúb faoin gcasúr. Ag prátaí a tháinig buaitisí agus gealasacha, i púdar agus crochóga. A athair an saothraí agus í gan phingin.

Ag an domhan nuair a bhris iall a bhróige . . . Fós, ag stánadh ar aghaidh an bháis – an núis is measa den iomlán – bhí sé chomh socair le carraig.

Bhí sé ar a ghlúine in aice na leapa mar a rinne sé os comhair na gearn prátaí lofa sa scioból. Tréan, cromtha.

Mum. Mum? Can you hear me. It's me. It's me. It's . . . We've sent for the doctor, Mum. It's me. Don't worry, you're going to be all right, a ghrá.

Níor úsáid sé focail mhuirneacha riamh i mBéarla. Bheidís ró-éideimhne.

I nGaeilge d'fhéadfadh sé a mhothúcháin a phlúchadh. Níor ghlaoigh sé riamh a hanam baiste uirthi. Ba é Mum, nó Mammy é i gcónaí. Ionann is, cosúil leis féin, nach raibh ann ach mac.

Ar an mbord maisiúcháin bhí a scuab gruaige. Ba bhán í le cloigíní gorma ar a chúl. In aice leis sin bhí a boiscín púdar,

cruinn agus órga.

Bhí an clúdach oscailte agus d'fhéadfadh sé an scáthán cruinn a fheiceáil. Ba í a máthair a doscail é agus ba chúis ionaidh dó an ndúnfadh sí riamh arís é.

Ar bun an bhoiscín chuir tú an púdar. Shuigh scagaire uigeach ar an bpúdar agus nuair a bhrúigh tú é leis an phuth lig sé an púdar tríd. Bhí an puth bog.

Cosúil le teanga. Bhí gach rud a bhain lena máthair te agus pearsanta. Ba mhaith leis a lámh a chur orthu nuair a d'fhéach se uirthi á maisiú féin.

"Fuair mé sin ar mhí na meala. Cheannaigh sé dom é. Chuamar go Bun Dobhráin. D'fhanamar le bean álainn ansin. Gach tráthnóna nuair a tháingamar isteach bhí Ovaltine agus borroga réidh aici dúinn. Bhí mé maraithe ag na cosa tar éis na milte go léir a bhí síolta againn. An chéad oíche a chuamar isteach sa leaba (agus níl sé seo á insint agam duit ach amháin go bhfuil tú mór anois) ba mise an chéad duine sa leaba.

"Teastaíonn uaim codladh ar an dtaobh sin," ar seisean. Samhlaigh é sin."

Bhí a athair fós ar a ghlúine ar an urlár agus a ceann ina lámha aige. Ba charraig é. Ba ghúna í deasaithe air ag triomú sa ghrian.

Ba stoc crainn é, ba thoradh í. Ba dhorn é, ba phóg í. A athair flichshneachta, ise solas. A athair buaitisí agus gealasacha, i púdar agus crochóga. A athair an saothraí agus í gan phingin. *He's hard because he has to be. No one ever gave him a penny. Remember that.*

Déirigh sé ón gcathaoir agus chuaigh sé go dtí an bord maisiúcháin. Thóg sé suas an boiscín agus bhloaigh sé an púdar cumhra.

Ansin d'fhéach sé sa scáthán. Bhí iomhá a máthair ansin áit éigin. D'fhéach sí ann ar feadh tríocha bliain gach aon lá. Dhruid sé de bhlosc é.

Ar chloisteáil glothar óna máthair, d'iompaigh sé chun féachaint uirthi. Phreab síol fola ó thaobh a béil.

Ar chlár éadain Íosa sa phictiúr os cionn na leapa bhí súilíní fola ón choróin spóna. Samhlaíodh dó gur thit ceann acu ar liopaí a máthar.

Tháinig osna óna athair. Grág gan dóchas, cosúil le coileach á thachtadh.

Jesus help us. Mum. We're bucked now me, me boyo. She's dead.

